CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 288/2022

an 28 Deireadh Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/884]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir (AE) 2019/1161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir 2009/33/CE a mhéid a bhaineann le feithiclí iompair de bhóthar atá glan agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a chur chun cinn ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear é seo a leanas isteach i bpointe 21av (Treoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

', arna leasú le:

— **32019 L 1161**: Treoir (AE) 2019/1161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO L 188, 12.7.2019, lch. 116).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha na Treorach oiriúnaithe mar a leanas:

(a) Cuirfear an méid seo a leanas le Tábla 3 den Iarscríbhinn:

'

an Íoslainn	38,5 %	38,5 %
Lichtinstéin	38,5 %	38,5 %
an Iorua	38,5 %	38,5 %

'

(b) Cuirfear an méid seo a leanas le Tábla 4 den Iarscríbhinn:

'

an Íoslainn	10 %	15 %	45 %	65 %
Lichtinstéin	10 %	15 %	45 %	65 %
an Iorua	10 %	15 %	45 %	65 %

"

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Threoir (AE) 2019/1161 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 188, 12.7.2019, lch. 116.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 29 Deireadh Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 49/2022 ó Chomhchoiste LEE an 18 Márta 2022 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON

(*) Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.
([2]) IO L 182, 7.7.2022, lch. 19.